# Scéal, Scéal, Scéal…

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

**7 Márta 2024** || Eagrán 187

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*



# AN SOLAS DEARG

**Léireoidh Aisteoirí an Spidéil *An Solas Dearg*, le hAntoine Ó Flatharta as Leitir Mealláin i Seanscoil Sailearna ar an 15, 16 agus 17 Márta. Bundráma Gaeilge é seo agus tá an Ghaeltacht, roghanna agus mianta na hóige agus tionscal na méan á gcíoradh ann. Seisear pearsan atá ann agus 'siad Caitríona Ní Dhomhnaill, Séamas Ó Scanláin, Cormac Ó Comhraí, Treasa Bhreathnach, Bairbre de Barra agus Seán Ó Gráinne a bheas ar an ardán faoi stiúir Mhike Ó Conaola. Dráma spéisiúil, machnamhach é faoi cheisteanna comhaimseartha na Gaeltachta agus is fiú go mór é a fheiceáil. Beidh ticéid ar fáil ag an doras nó is féidir réamháirithint a dhéanamh ag https://buytickets.at/ansolasdearg/1175085**



# OÍCHE ÁIRNEÁIN NA FÉILE PÁDRAIG

Eagróidh Cumann Forbartha Chois Fharraige Oíche Áirneáin ar an Aoine seo chugainn 15 Márta i dTigh Chualáin, ar an gCoill Rua. Beidh idir ceol, damhsa, amhránaíocht, scéalta, agallaimh beirte agus lúibíní ann, le ceiliúradh a dhéanamh ar dheireadh seachtaine na Féile Pádraig. Chuir Ciste Sheachtain na Gaeilge agus Ciste Bláthú de chuid Glór na nGael urraíocht ar fáil don ócáid. Tosóidh an spraoi ag 8.30 i.n.

# CORN UÍ CHON CHEANAINN

Reachtálfar Corn Uí Chon Cheanainn ar an 9 Márta in Áras na Gaeilge in Ollscoil na Gaillimhe. Comórtas amhránaíochta ar an sean-nós atá ann, i gcuimhne ar Chiarán Ó Con Cheanainn, an t-amhránaí breá ó Saile Chuanna i gCois Fharraige, a bhásaigh i mí Feabhra 2009, tar éis dó Corn Uí Riada a bhuachan ag Oireachtas na Gaeilge 2008 i gCorcaigh. Ba é an duine ab óige a chroch leis Corn Uí Riada ariamh. Déanfar beoshruthú ar an ócáid ar an leathanach Facebook 'Corn 'Uí Chon Cheanainn'. Ní bheidh aon táille ar an doras ach baileofar airgead do mhuintir na Palaistíne ar an lá.





# CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Tiocfaidh Club Leabhar Chois Fharraige le chéile ar an 13 Márta le haghaidh oíche airneáin 's ceilúrtha ar an leabhar 'Seanchas Jimmí Chearra Chois Fharraige'. Beidh Pádraic Ó Cearra i láthair ag caint faoin leabhar a chur sé in eagar lena athair Jimmí. Beidh ceol ar an oíche ó Mhicheál Darby Ó Fátharta agus amhráin nó dhó ó Cholm Jimí Ó Curraoin. Cuirfear tús le cúrsaí @ 8:30 i dTigh Mholly. Tá an ócáid urraithe ag an gCiste Tacaíochta do Sheachtain na Gaeilge chomh maith le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga.




# DERBY SACAIR AR AN GCEATHRÚ RUA DÉ DOMHNAIGH

Beidh dhá fhoireann Gaeltachta in aghaidh a chéile ar an Domhnach seo chugainn, 10 Márta, nuair a chasfaidh MacDara agus Cois Fharraige ar a chéile i Roinn I de shraithchomórtas na Gaillimhe ag 11.00 r.n ar Pháirc Astro na Ceathrún Rua. Tá MacDara sa dara háit sa tsraith ar 31 pointe gan ach cluiche amháin le himirt, an ceann ar an Domhnach. Má éiríonn le MacDara an bua a fháil in aghaidh Chois Fharraige ar an Domhnach beidh sé níos deacra ar Salthill Devon breith suas orthu!

# FOLÚNTAS!

# Oifigeach Pleanála Teanga

An duine fuinniúil, spreagúil, cruthaitheach tú?
An cás leat todhchaí na Gaeltachta?
Ar mhaith leat a bheith gníomhach sa bpobal?
An bhfuil taithí agat ar imeachtaí a eagrú?

## Tá post againn duit!

Beidh an té a cheapfar ag obair in Oifigí an Fhóraim sa Spidéal agus ag feidhmiú ar fud Chois Fharraige i gcomhar leis an OPT eile atá fosaithe i gCois Fharraige.

Breis eolais: 086 273 2279 nó ptchoisfharraige@gmail.com
Seol iarratas mar aon le CV chuig: ptchoisfharraige@gmail.com
An Plean Teanga le fáil ag: www.coisfharraige.ie

**Spriocdháta: 5.00i.n 15 Márta 2024**


Údarás na Gaeltachta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
Cois Fharraige
Fóram um pleanáil teanga

# OIREACHTAS 2025

D’fhógair Oireachtas na Gaeilge inné go raibh glactha acu le hiarratas ó Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste go mbeadh an chathair ina hóstbhaile don bhféile agus gur ann a reáchtálfar Oireachtas 2025 idir 29 Deireadh Fómhair agus 2 Samhain 2025. Fágann sin go mbeidh Oireachtas na Samhna ag dul ó thuaidh den teorainn den chéad ó uair ó 2006. Is i gCill Áirne a reáchtáladh Oireachtas na Samhna le trí bliana anuas agus is ann a bheas féile na bliana seo chomh maith.

# FÓGRA POIST:
# EAGARTHÓIR LE FUTA FATA

Tá Futa Fata ag foilsiú leabhair ar ardchaighdeán do pháistí ón mbliain 2005, agus is iomaí gradam atá buaite ag a gcuid foilseachán thar na blianta, Gradam Réics Carló agus Gradaim de chuid KPMG Leabhair Pháistí Éireann ina measc. Ó 2021 i leith, foilsíonn FutaFata leabhar nó dhó in aghaidh na bliana freisin do dhaoine fásta faoin inphrionta 'Barzaz'. Tá siad sa tóir ar eagarthóir! Ní mór d'iarrthóirí Curriculum Vitae, mar aon le litir iarratais, a sheoladh chuig:eolas@futafata.ie Dé hAoine, 22 Márta 2024 @ 5i.n. an spriocdháta d'iarratais. Reáchtálfar na hagallaimh an tseachtain dar tús 22 Aibreán 2024. Tá tuilleadh eolais ar fáil ach ríomhphosta sheoladh chuig eolas@futafata.ie.




# FOLÚNTAS AG SCOIL ÉINNE

Tá post mar ghlantóir scoile á thairiscint ag Bord Bainistíochta Scoil Éinne. Luan go hAoine, 4 uair chloig in aghaidh an lae atá i gceist. €15 san uair a íocfar. Seol litir iarratais chuig An Príomhoide, Scoil Éinne, An Spidéal, Co. na Gaillimhe, nó seol teachtaireacht ríomhphoist chuig priomhoide@scoileinne.net roimh 5i.n. Dé hAoine an 8 Márta.



# GRADAM DO CHAROLINE!



Comhghairdeachas ó chroí le Caroline Ní Fhrighil, úinéir Bhláthanna agus Bronntanas Charoline as trí bhonn óir a bhaint amach i nGRADAIM de chuid Ghlór na nGael. Ní raibh Caroline in ann freastal ar an searmanas bronnta i 2023, ach thug Pádraig Ó Neachtain cuairt ar Charoline le gairid leis an ngradam speisialta a bhronnadh uirthi ina siopa álainn. Cuireann Caroline bláthanna agus crobhaingí áille le chéile agus tá meas an phobail ar a cuid oibre le blianta anuas. Tá An Fóram an-bhródúil as a bhfuil bainte amach ag Caroline. Is féidir bláthanna a ordú ó Charoline ach teagmháil a dhéanamh léi ag 086 3887703.

# GRADAM AN ÁRAIS

Bronnadh Gradam Áras Chois Fharraige 2023 ar Holly Robertson le gairid. Bronnadh duais de €1,000 agus ornáid de Chriostal na Gaillimhe ar Holly. Bronnadh €500 agus ornáid Chriostal na Gaillimhe an duine ar Avril Ní Thabhais agus Ciara Ní Dhuinnshléibhe freisin mar gur shroich siad an babhta ceannais. Anuas ar sin, beidh obair pháirtaimseartha ar fáil san Áras don triúr seo le linn a gcuid staidéar altranais. Tá an togra seo urraithe ag Áras Chois Fharraige i gcomhpháirtíocht le hÚdarás na Gaeltachta agus le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga.

# GAELCHARA

Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga sa tóir ar chainteoirí líofa/dúchais, chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge le tabhairt faoin scéim 'Gaelchara'. Scéim teanga atá inti áit a thagann foghlaimeoir Gaeilge agus meántóir (cainteoir líofa/dúchais) le chéile leis an nGaeilge a chleachtadh agus a úsáid. Moltar go gcasann na rannpháirtithe le chéile thart ar uair in aghaidh na seachtaine agus go ndéantar é seo ar feadh trí mhí nó 30 uair an chloig – cibé chén sprioc a bhaintear amach ar dtús! Iarrtar ar an bhfoghlaimeoir dialann a choinneáil le taifead a bheith acu ar an méid atá foghlamtha le linn na scéime. Tá saoirse iomlán ag na rannpháirtithe maidir le cén chaoi a gcaitear a gcuid ama – téann daoine ar shiúlóidí, le haghaidh cupán tae nó caife nó casann daoine eile ar a chéile le taitneamh a bhaint as caitheamh aimsire comónta atá acu. Caithfidh go bhfuil na rannpháirtithe ag cur futhu i gCois Fharraige, agus ní féidir aon ghaol fola nó pósta a bheith ann idir na rannpháirtithe. Ag deireadh na scéime, bronntar €250, chomh maith le teastas ar na rannpháirtithe. Eagraítear oíche shóisialta do na rannpháirtithe freisin. Tá an scéim á reáchtáil ag an bhFóram Pleanála Teanga le trí bliana anuas le breis 's seasca 'Gaelchairde' 'theis páirt a ghlacadh inti go dtí seo! Le níos mó eolais a fháil faoin scéim, nó le clárú di, is féidir teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com Bheadh An Fóram sásta dá mbeadh an pobal sásta an scéal a scaipeadh agus an scéim a mholadh do chainteoirí líofa/dúchais agus foghlaimeoirí Gaeilge ar aon.



COIS FHARRAIGE
Fóram um pleanáil teanga

# GAELCHARA

## - CHOIS FHARRAIGE -

Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge?
Ar mhaith leat cuidiú le duine eile a gcuid Gaeilge a fheabhsú?
Tá tú uainn!!

Tá Fóram um Pleanáil Teanga Chois Fharraige sa tóir ar
(a) **fhoghlaimeoirí Gaeilge**
(b) **chainteoirí líofa Gaeilge**
le bheith páirteach sa scéim **Gaelchara**

Oibreofar in éindí lena chéile, leis an nGaeilge a úsáid níos minicí sa mbaile agus sa bpobal.

Bronnfar **€250** an duine ar an fhoghlaimeoir agus ar an meantóir.

Tá tuilleadh eolais agus an fhoirm iarratais ar fáil ó:
**optchoisfharraige@gmail.com** nó **083 010 6294**

## *Siúlóid Bhithéagsúlachta*

# Faire ar Éin i Mionloch



Léargas ar bheathra éan i Mionloch
le Ríona Ní Aodha & Cathal Seoighe



Dé Sathairn 09 Márta @ 1130 r.n.
*Carr Chlóis Scoil Bhríde, Mionloch. Gaillimh*

***Moltar désúiligh (binoculars) a thabhairt leat***





**Tuilleadh eolais: 087 1195091**
**nó anbruachthoir@gmail.com**

Conradh na Gaeilge

Seachtain na Gaeilge le enErgia

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

An Bruach Thoir
GAILLIMH